



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



Plean Athnuachana na Státseirbhíse 2014

Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn
Bealtaine 2019

Arna ullmhú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
gov.ie

Clár Ábhair

1. Réamhrá	4
2. Achoimre Fheidhmeach	7
3. Éachtaí Phlean Athnuachana na Státseirbhíse, 2014	11
4. Dul Chun Cinn maidir le Gníomhaíochtaí Uile Phlean Athnuachana na Státseirbhíse, 2014	12
Aontaithe	13
Gairmiúil	17
Freagrúil	22
Oscailte agus Freagrach	26
5. Tuilleadh Eolais	31

1

Is cúis áthais dúinn an tuarascáil achomair seo a chur i láthair maidir leis an dul chun cinn atá déanta i leith an chéad Phlean Athnuachana de chuid na Státseirbhíse. Ba cheart í a léamh in éineacht leis na trí thuarascáil ar dhul chun cinn a foilsíodh le linn shaolré an phlean.

Leagtar amach i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse, arna fhoilsiú in 2014, fís don Státseirbhís, i.e. na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach don Rialtas; seirbhís níos fearr a sholáthar do chustaiméirí; agus ionad oibre níos fearr a sholáthar don fhoireann. Chuir sé le láidreachtaí na Státseirbhíse chun a chinntiú go bhfuil an acmhainn agus an cumas aici is gá chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán agus chun seirbhís den chéadscóth a sholáthar don stát.

Rinneadh an plean a struchtúrú timpeall ar cheithre phríomhréimse ina raibh sé in ann athrú a spreagadh agus Státseirbhís níos aontaithe, níos gairmiúla, níos freagrúla agus níos oscailte, agus níos cuntasáí a chruthú. D'fhéach na 25 príomhbheart le hacmhainn, cumas, cuntasacht agus ceannaireacht a neartú chun tacú le Státseirbhís a bhaineann torthaí amach go seasta don Rialtas agus don phobal ar a bhfreastalaíonn sí.

D'éirigh go maith leis an gclár uailmhianach seo um bainistiú athruithe agus tá torthaí inbhraite le haithint ar fud an chláir ar fad. Sa tuarascáil seo ar dhul chun cinn, leagtar amach mionsonrú ar na héachtaí sin i ndáil le gach ceann de na 25 príomhbhearta.

Cuireadh an Plean Athnuachana i bhfeidhm ar bhonn céimnithe. An tréimhse cur chun feidhme trí bliana a bhí leagtha amach don phlean, níor lean sí ach suas go deireadh mhí na Nollag 2017. Comhaontaíodh, áfach, go leanfar ar aghaidh leis i rith 2018 chun an dul chun cinn a bhí déanta sa Státseirbhís a neadú agus a dhaingniú. Tugtar léiriú sa tuarascáil ar an dul chun cinn ardleibhéil atá bainte amach i gcás gach ceann de na bearta sa phlean ó cuireadh tús lena chur chun feidhme.

Bord Bainistíochta na Státseirbhíse,
Bealtaine 2019

Bord Bainistíochta na Státseirbhíse




Martin Fraser
Ard-Rúnaí an Rialtais
Ard-Rúnaí Roinn an Taoisigh




Robert Watt
Ard-Rúnaí
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus
Athchóirithe



Jim Breslin
Ard-Rúnaí
An Roinn Sláinte



Derek Moran
Ard-Rúnaí
An Roinn Airgeadais



Niall Burgess
Ard-Rúnaí
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus
Trádála



Brendan Gleeson
Ard-Rúnaí
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Cúrsaí
Mara



Fergal Lynch
Ard-Rúnaí
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige



Dr Orlaigh Quinn
Ard-Rúnaí
An Roinn Gnó, Fiontair agus
Nuálaíochta



Pádraig Dalton
Ard-Stiúrthóir
An Phríomh-Oifig Staidrimh



Damien Moloney
Ard-Stiúrthóir
Oifig an Ard-Aighne



Niall Cody
Cathaoirleach
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim




John McKeon
Ard-Rúnaí
An Roinn Oideachais agus Scileanna



Mark Griffin
Ard-Rúnaí
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar
son na hAeráide agus Comhshaoil



Seán Ó Foghlú
Ard-Rúnaí
An Roinn Oideachais agus Scileanna



Katherine Licken
Ard-Rúnaí
An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus
Gaeltachta

The Civil Service Management Board (contd.)



Graham Doyle

Ard-Rúnaí


An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt



John McCarthy

Ard-Rúnaí

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúí



Maurice Quinn

Ard-Rúnaí

An Roinn Cosanta



Maurice Buckley

Cathaoirleach


Oifig na nOibreacha Poiblí



Aidan O'Driscoll

Ard-Rúnaí


An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais



Shirley Comerford

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí



Kevin McCarthy

Ard-Rúnaí

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

2

Tá Plean Athnuachana na Státseirbhíse i bhfeidhm ó bhí 2014 ann agus tá sé tar éis roinnt bunathruithe suntasacha a bhaint amach ó shin. Leagtar amach ann mar sprioc ceithre phríomhthoradh a raibh sé mar aidhm acu athrú agus gníomhaíocht phraiticiúil a spreagadh.

- 1** Státseirbhís Aontaithe – An Státseirbhís a bhainistiú mar eagraíocht aonair aontaithe
- 2** Státseirbhís Ghairmiúil – Feidhmíocht agus cumas na bhfostaithe agus na n-eagraíochtaí uile sa státseirbhís a uasmhéadú
- 3** Státseirbhís Fhreagrúil – Athrú a chur ar ár gcultúr, struchtúr agus próisis ionas go n-éireimid níos inoiriúnaithe, níos solúbtha agus níos freagrúla
- 4** Státseirbhís Oscailte agus Chuntasach - Foghlaim agus feabhsú leanúnach a dhéanamh trí bheith oscailte do smaointeoireacht, do dhúshlán agus don díospóireacht ón taobh amuigh

Tá réimse bunathruithe suntasacha bainte amach agus leagtar amach thíos roinnt de na príomhéachtaí a bhaineann le gach ceann de na torthaí sin:

STÁTSEIRBHÍS AONTAITHE

Cuimsítear sa Státseirbhís thart ar 40,000 ball foirne agus réimse Ranna agus Oifigí Rialtais. Tá dul chun cinn déanta maidir leis an Státseirbhís a bhainistiú mar eagraíocht aonair aontaithe. Trí Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse anois, déantar comh-mhaoirsiú ar Ard-Rúnaithe agus Cinn Oifige i ndáil leis Státseirbhís a bhainistiú. Tá comhfhreagracht ar an mBord Bainistíochta sin maidir le próiseas Athnuachana na Státseirbhíse. Tá gach Roinn Rialtais tar éis cód rialachais comhchoiteannaghhlacadh, agus leissin, rialachas corparáideach a neartú ar fud an chórais. Ar bhonn comhchoiteann, cuireann an Státseirbhís leis an Measúnú Riosca Náisiúnta a fhoilsítear gach bliain. Feidhmíonn Plean Athnuachana na Státseirbhíse mar ráiteas straitéise foriomlán le haghaidh na Státseirbhíse. Táthar tar éis bearta a ghlacadh chun foghlaim ó chuir chuige éagsúla maidir le tionscadail uile-Rialtais a thabhairt chun críche. Tá dul chun cinn déanta freisin maidir leis an gclár seirbhísí comhroinnte a sholáthraíonn Acmhainní Daonna, párolla agus pinsin don Státseirbhís. Maidir le cumarsáid an Rialtais, chuir Bord Bainistíochta na Státseirbhíse le feidhmiú céimneach an aitheantais ‘Rialtas na hÉireann’ agus aistriú na Ranna uile go Gov.ie, an tairseach ar líne le haghaidh seirbhísí agus eolas an Rialtais.

STÁTSEIRBHÍS GHAIRMIÚIL

Táthar tar éis sraith de bhearta suntasacha a ghlacadh chun feidhmíocht agus acmhainn fhoireann na Státseirbhíse, agus Ranna is Oifigí na Státseirbhíse a uasmhéadú chun eagraíocht níos gairmiúla a fhorbairt. Forbraíodh Straitéis na Státseirbhíse maidir le Daoine agus leagtar amach inti an clár oibre straitéiseach maidir le hAcmhainní Daonna le haghaidh 2017-2020 agus tá sí á cur chun feidhme faoi láthair. Díríonn an straitéis ar phríomhthosaíochtaí straitéiseacha maidir le hAcmhainní Daonna: Scoth na bhFostóirí; Lucht Saothair an Todhchaí a Chothú; agus Bainisteoirí a Chothú, a Thacú agus Meas a Léiriú Orthu mar Fhorbróirí Daoine. Is éard atá i gceist le tosaíocht chumasúcháin ná AD a shuíomh mar spreagadh straitéiseach. Reáchtáiltear feachtais oscailte earcaíochta ar fud réimse leathan grád seirbhíse ginearálta, gairmiúla agus teicniúla. Cuireadh Clár Forbartha Céimithe i bhfeidhm ar bhonn céimnithe. Táthar tar éis réimse leathan tionscnamh a fhorbairt chun cothromaíocht inscne a fhorbairt agus tá siad á gcur i bhfeidhm sna Ranna agus sna hOifigí faoi láthair.

Rinneadh an tseirbhís foghlama agus forbartha chomhroinnte OneLearning a fhorbairt, agus soláthraítear oiliúint ar fud na Státseirbhíse tríthi. Táthar tar éis cláir cheannaireachta feidhmiúcháin a fhorbairt ag leibhéal an Rúnaí Cúnta agus ag leibhéal an Phríomhoifigigh mar chuid de thionscnamh nua bainistíochta tallainne. Tá córas bainistíochta feidhmíochta níos éifeachtaí agus níos simplí curtha i bhfeidhm, lena n-áirítear oiliúint le haghaidh nach mór 10,000 bainisteoir líne chun tacú leis an gcóras bainistíochta feidhmíochta agus feabhas a chur air. Tá Cód Araíonachta curtha i bhfeidhm freisin. Tugadh isteach próiseas nua athbhreithnithe feidhmíochta le haghaidh Ard-Rúnaithe. Reáchtáiltear Gradaim um Sármhaitheas agus Nuálaíocht na Státseirbhíse chun aitheantas a thabhairt ar éachtaí Státseirbhíseach agus chun nuálaíochtaí ó thaobh soláthair beartais agus seirbhíse ar fud na Státseirbhíse a chur i láthair an phobail.

STÁTSEIRBHÍS FHREAGRACH

Tá roinnt bearta i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse dírithe ar a chinntiú go bhfuil struchtúir agus próisis i bhfeidhm atá níos inoiriúnaithe agus níos freagrúla do riachtanais ghnó ná mar a bhí cheana. Chomhaontaigh Bord Bainistíochta na Státseirbhíse cur chuige i leith saineolais ghairmiúil a neartú i leith AD, TFC agus Airgeadais le Cinn Gairme na Státseirbhíse arna gceapadh sa réimse AD agus i réimse na TFC. Tugadh isteach le haghaidh Oifigí Cléireachais agus Oifigí Feidhmiúcháin scéim um shoghluaiseacht ar fud na Státseirbhíse agus tá sé le leathnú chuig gráid eile suas go leibhéal an Phríomhoifigigh Cúnta in am trátha. Tugadh isteach cur chuige caighdeánach maidir le bainistíocht tionscadail agus rinneadh é a thacú trí Ghréasán Bainisteoirí Tionscadail agus trí oiliúint a bhunú faoin tseirbhís OneLearning. Tá sé de chuspóir anois ag eagraíochtaí freisin a bheith níos freagrúlaí. Trí shocruithe ceadaithe sannta, tugadh isteach údarás agus cuntasacht bhreise maidir le hacmhainní foirne a bhainistiú. Forbraíodh treoirlínte agus teimpléid phleanála nua maidir le lucht saothair, chomh maith le hoiliúint a chur ar fáil sa réimse seo le haghaidh Bainisteoirí AD. Leanadh ar aghaidh le Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí a chur chun feidhme le linn na tréimhse, lena n-áirítear foilsiú Straitéis Ríomhsheirbhíse an Rialtais; seoladh MyGovID.ie agus cur chun feidhme sraith chomhchoiteann d'fheidhmchláir ar fud roinnt Ranna chun éifeachtúlachtaí agus coigiltis a spreagadh

STÁTSEIRBHÍS OSCAILTE AGUS CHUNTASACH

Táthar tar éis bearta a chur chun cinn freisin i ndáil leis an Státseirbhís agus cumarsáid sheachtrach. Tá dul chun cinn déanta maidir le feidhmiú céimneach 'Rialtas na hÉireann' mar aitheantas agus aistriú na Ranna uile go Gov.ie, an tairseach ar líne le haghaidh seirbhísí agus eolas an Rialtais. Tá freagracht leagtha ar Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, mar chomhalta de Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse, chun feidhmiú go poiblí mar urlabhraí agus ambasadóir na Státseirbhíse. Tá cur chuige uailmhianach maidir le cumarsáid á chur ar aghaidh go himheánach ag Seirbhís Faisnéise de chuid an Rialtais. Glacadh bearta chun éifeachtúlacht chumarsáid an Rialtais a fheabhsú. Rinneadh iniúchadh cuimsitheach ar chumarsáid uile an Rialtais, obair a thug chun suntais an gá atá le éifeachtúlachtaí feabhsaithe a chur i bhfeidhm trí chomhoibriú tras-Rialtais níos fearr a dhéanamh. Leis an dul chun cinn sa réimse seo, díriodh freisin ar chumarsáid straitéiseach inmheánaí lena n-áirítear freagairt do thorthaí na Suirbhéanna ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse. Ó seoladh an Plean Athnuachana na Státseirbhíse, reáchtáladh 37 imeacht Halla an Bhaile ar a fhreastal breis agus 3,000 duine. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhealach a ndéantar sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a stóráil. Tríd an tionscnamh Sonraí Oscailte, tá 9,000 tacar sonraí nasctha le tairseach lárnach anois, <https://data.gov.ie/data>. Tá an creat maidir le hInfrastruchtúr Sonraí Náisiúnta á fhorbairt anois. Tá feidhmchlár bailíochtaithe á phiólótú faoi láthair ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus meastar go rachaidh sé beo i Ráithe 1 2019. Cuirfidh sé le héifeachtúlacht comhlachtaí poiblí agus iad i mbun Eirchód a bhailiú.


Chúirteanna; agus ar an Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta curtha i gcrích. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Táthar tar éis suíomh gréasáin nua, whodoeswhat.gov.ie, a fhorbairt chun an creat maidir le freagrachtaí a shannadh a fhoilsiú i gcomhréir leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997. Tá

treoirlínte agus treoirleabhar maidir le feidhmeanna a aistriú foilsithe anois chun cabhrú le Cinntí an Rialtais a chur chun feidhme i ndáil le Ranna nua a bhunú nó Ranna atá ar an bhfód cheana féin a athstruchtúrú. Tá dréacht curtha ar fáil de Chód Caighdeán agus lompar le haghaidh Comhairleoirí Speisialta, agus rinneadh é a fhorbairt i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí.

Táthar tar éis bearta a chur chun cinn freisin i ndáil leis an Státseirbhís agus cumarsáid sheachtrach. Tá dul chun cinn déanta maidir le feidhmiú céimneach 'Rialtas na hÉireann' mar aitheantas agus aistriú na Ranna uile go Gov.ie, an tairseach ar líne le haghaidh seirbhísí agus eolas an Rialtais. Tá freagracht leagtha ar Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, mar chomhalta de Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse, chun feidhmiú go poiblí mar urlabhraí agus ambasadóir na Státseirbhíse. Tá cur chuige uaillmhianach maidir le cumarsáid á chur ar aghaidh go himheánach ag Seirbhís Faisnéise de chuid an Rialtais. Glacadh bearta chun éifeachtúlacht chumarsáid an Rialtais a fheabhsú. Rinneadh iniúchadh cuimsitheach ar chumarsáid uile an Rialtais, obair a thug chun suntais an gá atá le éifeachtúlachtaí feabhsaithe a chur i bhfeidhm trí chomhoibriú tras-Rialtais níos fearr a dhéanamh. Leis an dul chun cinn sa réimse seo, díriodh freisin ar chumarsáid straitéiseach inmheánaí lena n-áirítear freagairt do thorthaí na Suirbhéanna ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse. Ó seoladh an Plean Athnuachana na Státseirbhíse, réachtáladh 37 imeacht Halla an Bhaile ar a fhreastal breis agus 3,000 duine. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhealach a ndéantar sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a stóráil. Tríd an tionscnamh Sonraí Oscailte, tá 9,000 tacar sonraí nasctha le tairseach lárnach anois, <https://data.gov.ie/data>. Tá an creat maidir le hInfrastruchtúr Sonraí Náisiúnta á fhorbairt anois. Tá feidhmchlár bailíochtaithe á phíolótú faoi láthair ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus meastar go rachaidh sé beo i Ráithe 1 2019. Cuirfidh sé le héifeachtúlacht comhlachtaí poiblí agus iad i mbun Eirchód a bhailiú.

Rinneadh an chéad Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse in 2015. Mar fhreagairt ar na torthaí, cuireadh chun feidhme laistigh de Ranna roinnt tionscnamh i réimsí amhail cumarsáid inmheánach, rannpháirtíocht fostaithe, forbairt agus oiliúint ghairme. Rinneadh an dara Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse i mí Mheán Fómhair 2017 agus ghlac 21,365 státseirbhíseach páirt ann, is ráta freagartha 56% é sin (méadú 15% ar Shuirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse 2015). Foilsíodh na torthaí foriomlána i Márta 2018 agus léirítear iontu go mbraitheann fostaithe go dtéann siad i ngleic lena gcúram ar bhealach an-éifeachtach agus aithníonn siad go bhfuil méadú tagtha ar an méid tacaíochta a fhaigheann siad óna n-eagraíochtaí. Tá dúshlán fós i gceist, áfach, go mór mór i ndáil le cultúr na nuálaíochta agus an rannpháirteachais a chur chun cinn le haghaidh na mball foirne uile. Forbraíodh tuarascálacha ag leibhéal an eagraíochta aonair i gcás Ranna agus Oifigí in 2018. Cuireann na torthaí seo bonn eolais le pleananna gníomhaíochta a cheaptar chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a tugadh ar aird.

3



4

Dul Chun Cinn maidir le Gníomhaíochtaí uile an Phlean

Is é seo a leanas an dul chun cinn atá déanta go dtí seo faoi gach ceann de na 25 príomhbhearta sa phlean.

AONTAITHE



Beart 1	Bord Cuntasachta na Státseirbhíse a chur ar bun
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
<p>Martin Fraser, Roinn an Taoisigh</p> <p>Robert Watt, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe</p>	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> Bunaíodh Bord Cuntasachta na Státseirbhíse in 2015 agus tháinig sé le chéile ceithre uaire le linn chúrsa an phlean chun na téarmaí tagartha a chomhlíonadh. Foilsítear miontuairiscí an Bhoird agus foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2016. 	

Beart 2	Bord Bainistíochta na Státseirbhíse a chur ar bun
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
<p>Martin Fraser, Roinn an Taoisigh</p> <p>Robert Watt, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe</p>	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> Bunaíodh Bord Bainistíochta na Státseirbhíse in 2014 agus tháinig sé le chéile 36 uaire go dtí seo. Tá comhfhreagracht ar an mBord Bainistíochta maidir le bearta Phlean Athnuachana na Státseirbhíse a chur chun feidhme agus tá freagracht sannta ar bhaill an Bhoird Bainistíochta maidir le bheith i gceannas agus ina n-urraí ar bheart amháin nó níos mó de chuid an phlean. Tá tuarascálacha bliantúla Bhord Bord Bainistíochta na Státseirbhíse foilsithe maidir leis na blianta 2015, 2016 agus 2017, chomh maith le trí Thuarascáil ar Dhul Chun Cinn, chomh maith leis an tuarascáil seo ar dhul chun cinn. 	


Beart 3	Comhchaighdeán rialachais a leagan amach
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Derek Moran, An Roinn Airgeadais	
Mark Griffin, An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> Le Comhchaighdeán Rialachais na Státseirbhíse arna fhoilsiú in 2015, cuireadh i bhfeidhm creat aonfhoirmeach de struchtúir, beartais agus próisis chun a chinntiú go ndéanann Ranna a n-oibleagáidí reachtúla agus beartais a chomhlíonadh ar bhonn éifeachtach. Rinne gach Roinn a gcreat rialachais féin a fhorbairt de réir an Chaighdeáin agus tá na Ranna ag feidhmiú i gcomhréir leo. 	

Beart 4	Próisis um pleanáil straitéise agus pleanáil gnó a neartú
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Martin Fraser, Roinn an Taoisigh	
Derek Moran, An Roinn Airgeadais	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> Chomhaontaigh Bord Bainistíochta na Státseirbhíse leanúint ar aghaidh leis an timthriall pleanála trí bliana mar a leagtar amach é san Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997. Is léiriú é an Plean Athnuachana ar an straitéis maidir le athchóiriú na Státseirbhíse. Tagann comhaltaí uile Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse os comhair choistí iomchuí an Oireachtais ina ról mar Oifigigh Cuntasaíochta agus cinn Roinne agus Oifigí. Comhaontaíodh Bord Bainistíochta na Státseirbhíse cur chuige nua maidir le páirt a ghlacadh ar bhonn comhchoiteann sna próisis bliantúla um Measúnú Riosca Náisiúnta agus Pleanáil Straitéiseach. 	

Beart 5	Feabhas a chur ar sholáthar comhthionscadal uile-Rialtais
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Mark Griffin, An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	
Fergal Lynch, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Seán Ó Foghlú, An Roinn Oideachais agus Scileanna	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> Cuimsíodh na torthaí foghlama i ndiaidh na gcéimeanna tosaigh de thrí thionscadal treo-aimsitheora: an Cárta Seirbhíse Poiblí, an Straitéis Náisiúnta Cibearshlandála agus Meabhairshláinte an Óige; agus úsáideadh iad chun bonn eolais a chur le hobair uile-Rialtais. Áirítear i measc na dtorthaí foghlama sin an luach a bhaineann le modheolaíocht bainistíochta tionscadal, acmhainní comhrúnaíochta, socruithe Rialachais iomchuí agus uirlisí comhoibrithe ar líne a chur i bhfeidhm. Comhaontaíodh Bord Bainistíochta na Státseirbhíse gur cheart leanúint ar aghaidh leis an tionscnamh treo-aimsitheora um Meabhairshláinte an Óige chuig an gcéim cur chun feidhme, chun an phraicticiúlacht a bhaineann le hAlt 12 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 a úsáid a thástáil go sonrach i gcomhthéacs tras-Rannach. Rinneadh iniúchadh cuimsitheach ar obair chumarsáide uile an Rialtais, rud a thug chun suntais an gá atá le héifeachtúlachtaí feabhsaithe a chur i bhfeidhm trí comhoibriú tras-Rialtais níos fearr a dhéanamh. Rinneadh aitheantas ar obair thrasearnálach a chuimsiú i bpróiseas athbhreithnithe feidhmíochta an Rúnaí Cúnta. 	

Beart 6	An múnla um sheirbhísí agus saineolais a chomhroinnt a leathnú ar fud na heagraíochta
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Robert Watt, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none">Tá dul chun cinn déanta maidir le clár na seirbhísí comhroinnte a chur chun feidhme agus tá seirbhísí comhroinnte AD agus pinsin á soláthar anois ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do Státseirbhísigh uile agus seirbhísí comhroinnte párolla do 127,000 fostaí sa tSeirbhís Poiblí, ar pinsinéirí iad 60,000 díobh.	

GAIRMIÚIL



Beart 7	Forbairt shuntasach a dhéanamh ar acmhainn Straitéiseach AD
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Robert Watt, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> • I mí na Nollag 2017, seoladh Straitéis na Státseirbhíse maidir le Daoine, rud a leag amach an treorú straitéiseach maidir le Bainistíocht Acmhainní Daonna ar fud na Státseirbhíse ar fad, agus ag an am céanna, a aithníonn gur eagraíocht ar leith a bhfuil a dúshláin féin aici í gach eagraíocht laistigh den Státseirbhís. • Táthar tar éis trí phríomhthosaíocht straitéiseacha trasearnálach AD a aithint: an Státseirbhís mar scoth na bhfostóirí; lucht saothair an todhchaí a chothú; agus bainisteoirí a chothú, a thacú agus meas a léiriú orthu mar fhorbróirí daoine. • Tá Grúpa Comhairleach maidir le AD Straitéiseach bunaithe chun comhairle a thabhairt i ndail leis an straitéis a chur chun feidhme. • Tá tuarascáil maidir le hathbhreithniú ar Mhúnla Oibriúcháin na Státseirbhíse curtha i gcrích agus cuirfidh sí bonn eolais leis an gcéad mhúnla eile. • Neartaíodh gairmiúlú chóras AD na Státseirbhíse trí shruth gairmiúil nua AD a bhunú (féach Beart 14 thíos). 	

Beart 8	Próisis earcaíochta agus ardú céime níos oscailte a bhunú ag gach leibhéal
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Maurice Quinn, An Roinn Cosanta	
Niall Burgess, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	
Dr Orlaigh Quinn, An Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta	
Aidan O'Driscoll, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	
Shirley Comerford, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> • Reachtáladh feachtais oscailte earcaíochta ar fud réimse leathan grád seirbhíse ginearálta, grád gairmiúla agus grád teicniúla. • Tá próiseas iomaíochta oscailte fós i bhfeidhm le haghaidh earcaíochta ag leibhéal an Ard-Rúnaí agus an Ard-Rúnaí Cúnta tríd an gCoiste um Cheapacháin Ardleibhéil. • Táthar tar éis Clár Forbartha Céimithe na Státseirbhíse a bhunú. • Táthar tar éis réimse leathan tionscnamh a fhorbairt chun cothromaíocht inscne a fhorbairt agus tá na tionscnaimh sin á gcur i bhfeidhm sna Ranna agus sna hOifigí faoi láthair. Áirítear leo plean gníomhaíochta chun cothromaíocht inscne a fheabhsú ag na leibhéil shinsearacha. Foilsíodh • Foilsíodh Staidéar ar chúrsaí inscne i róil shinsearacha sa Státseirbhís in Éirinn i mí na Nollag 2017. • Táthar tar éis treoir do Ranna agus paca eolais maidir le Saoire Mháithreachais agus Uchtála a fhorbairt. 	

Beart 9	Múnla nua a bhunú maidir le foghlaim agus forbairt a thabhairt chun cinn
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Niall Cody, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	
John McCarthy, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> Bunaíodh OneLearning chun oibriú agus cothabháil lárnach a dhéanamh ar an múnla nua um Foghlaim & Forbairt agus soláthar na sraithe comhchoiteann de chlár um Fhorbairt & Foghlaim a bhainistiú. Ó bhí Mean Fómhair 2017 ann, tá breis agus 15,000 duine tar éis freastail ar Chúrsa Oilúna OneLearning, ar fud 23 contae agus 41 comhlacht de chuid na Státseirbhíse. Tá thart ar 55 cúrsa ar fáil anois. Rinneadh Córas Bainistíochta Foghlama nua don Státseirbhís a phiolótú i Ráithe 4 2018 agus tá a fheidhmiú ar fud na Státseirbhíse ar fad beartaithe le haghaidh 2019. Beidh Clár Scileanna nua de chuid na Státseirbhíse agus logleabhar maidir le Forbairt Phearsanta agus Ghairmiúil Leanúnach ar fail nuair a bheidh an Córas Bainistíochta Foghlama curtha chun feidhme go hiomlán. 	

Beart 10	Clár struchtúrtha follasacha a thabhairt isteach i ndáil le bainistiú tallainne d'fhonn ceannairí nua a fhorbairt
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Seán Ó Foghlú, An Roinn Oideachais agus Scileanna	
Kevin McCarthy, An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> Seoladh Clár Ceannaireachta Fheidhmiúcháin na Seirbhíse Poiblí Sinsearaí go déanach sa bhliain 2016 agus bhí 19 rannpháirtithe páirteach ann. Is é is aidhm leis ná acmhainn ceannaireachta a fheabhsú ag leibhéil shinsearacha na Státseirbhíse. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.sps.gov.ie. Seoladh clár na bPríomhoifigeach i mí na Bealtaine 2017 agus 40 duine páirteach ann. Cuireadh i gcrích é i mí na Márta 2018. Áirítear sa dá chlár Ionad Forbartha, modúil fhoirmiúla, agus tacaíochtaí cóitseála/ meantóireachta atá dírithe ar dúshlán a leagan amach le haghaidh na rannpháirtithe agus forbairt a dhéanamh ar na scileanna/cumais cheannaireachta atá riachtanach chun dul chun cinn a dhéanamh ag an gcéad leibhéal eile. Tá Grúpa Oibre i mbun réimse tacaíochtaí a imscrúdú d'fhonn iad a chur i bhfeidhm le haghaidh ceannairí atá ag teacht chun cinn suas go leibhéal an Phríomhoifigigh Cúnta agus an leibhéal sin san áireamh, agus tá breithniú á dhéanamh ag an nGrúpa sin freisin ar na bealaí is féidir leis an Státseirbhís tacú le baill foirne chun a ngairme a fhorbairt. 	

Beart 11	An próiseas bainistíochta feidhmíochta a neartú
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Robert Watt, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	
Graham Doyle, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	
Damien Moloney, Oifig an Ard-Aighne	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> Tá an fhormaid rátála 2-phointe nua a bhaineann leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta curtha i bhfeidhm go hiomlán faoin am seo, rud a cheadaíonn fócas níos géire ar chuspóirí forbraíochta an Chórais Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta, a thacaíonn le bainisteoirí agus a thugann aghaidh ar tearcfheidhmíocht nuair a tharlaíonn sí. Tháinig Cód Smachta nua na Státseirbhíse chun éifeacht i Meán Fómhair 2016 agus bhí feidhm ag an mbeartas nua maidir le tearcfheidhmíocht ón 1 Meán Fómhair 2017 ar aghaidh, lena mbaineann tacaíochtaí oiliúna le haghaidh bainisteoirí maidir le gníomhaíocht níos éifeachtaí agus níos ceannasaí a ghlacadh chun dul i ngleic leis an tearcfheidhmíocht. Tá nach mór 10,000 bainisteoir líne ar fud na Státseirbhíse tar éis an oiliúint seo a dhéanamh. Cuireadh oiliúint ar fáil freisin do thart ar 200 duine ar fud na Státseirbhíse maidir le conas achomhairc inmheánacha a dhéanamh mar chuid de ról nua mar Oifigeach na nAchomharc Inmheánach. Rinne grúpa oibre de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse plean gníomhaíochta a fhorbairt chun an bhainistíocht a dhéantar ar fhreastal fadhbach ball foirne a neartú. Tá beartas acmhainne á fhorbairt agus é dírithe ar neamhláithreachta a bhainistiú, agus tá an oiliúint maidir le tearcfheidhmíocht atá á feidhmiú faoin tseirbhís OneLearning ina taca leis. 	

Beart 12	Próiseas dianbheithnithe a leagan amach agus a chur chun feidhme maidir le feidhmíocht Ard-Rúnaithe agus Rúnaithe Cúnta
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Robert Watt, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	
Martin Fraser, Roinn an Taoisigh	
Jim Breslin, An Roinn Sláinte	
Niall Burgess, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> In 2016, tugadh isteach próiseas feidhmíochta nua leathnaithe le haghaidh Rúnaithe Cúnta, lena n-áirítear aiseolas 360 céim. In 2017, cuireadh i gcrích an chéad bhliain iomlán den phróiseas athbheithnithe feidhmíochta nua le haghaidh Ard-Rúnaithe. Tá maoirsiú á dhéanamh ar an bpróiseas ag an nGrúpa Athbheithnithe Feidhmíochta, chun na cuspóirí a bhailíochtú, dul chun cinn a athbheithniú agus aiseolas a sholáthar. 	

Beart 13	Aitheantas ar shármhaitheas agus nuáil foirne a léiriú go poiblí
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Robert Watt, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> • In 2015, tugadh isteach scéim nua maidir le nuálaíocht agus sármhaitheas a aithint ar fud na Státseirbhíse ar a dtugtar Gradaim um Shármhaitheas agus Nuálaíochta na Státseirbhíse. Déanann na gradaim seo ceiliúradh ar an obair shuntasach a dhéanann státseirbhísigh chun an Státseirbhís a fheabhsú agus aithnítear freisin leis na gradaim nualaíochtaí ó thaobh soláthair beartais agus seirbhíse ar fud na Státseirbhíse. • Aithníonn foireann na Státseirbhíse na gradaim anois mar bhealach chun a gcuid éachtaí oibre a chur i láthair an phobail agus nuálaíochtaí a chomhroinnt ar fud na Státseirbhíse. • Sna trí bliana ó seoladh é, tá breis agus 300 iarratas faighte ag an scéim ó eagraíochtaí ar fud na Státseirbhíse. Astu sin, ainmníodh 90 le haghaidh gradaim agus bronnadh gradaim ar 31 díobh as a gcuid éachtaí oibre. 	

FREAGRACH



Beart 14	Saineolas gairmiúil laistigh d'fheidhmeanna corparáideacha a neartú
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Robert Watt, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	
Graham Doyle, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	
Jim Breslin, An Roinn Sláinte Maurice Buckley, Oifig na nOib. Poiblí	
John McCarthy, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> • Chomhaontaigh Bord Bainistíochta na Státseirbhíse cur chuige i leith saineolas gairmiúil a neartú maidir le AD, TFC agus Airgeadas le Cinn Gairme don Státseirbhís arna gceapadh sa réimse AD agus i réimse na TFC. • Seolta in 2017, is príomhghníomhaíocht i Straitéis na Státseirbhíse maidir le Daoine é saineolas corparáideach a fheabhsú trí shruthanna gairme a ghairmiúlú. • Forbraíodh an Straitéis Gairmiúlachta TFC AD chun dul i ngleic leis an ngá atá leis na daoine cearta a mhealladh agus a choinneáil sna rólí chearta d'fhonn an Státseirbhís a chumasú chun seirbhísí nuálaíochta digiteacha a sholáthar. Tá roghanna á seoladh i ndáil le clár printíseach TFC. • Tá obair ar siúl i gcónaí chun saineolas gairmiúil san fheidhm airgeadais a neartú agus Ceann Airgeadais a cheapadh. • Bunaíodh painéal earcaíochta um chúntóirí cumarsáidí agus cumarsáide chun an acmhainn cumarsáide a neartú tuilleadh. 	

Beart 15	Deiseanna gairme agus gluaiseachta foirne a leathnú thar teorainneacha tíreolaíochta, eagrúcháin agus earnála
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Maurice Quinn, An Roinn Cosanta	
John McKeon, An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> • Táthar tar éis múnla na Seirbhíse Poiblí Sinsearaí a fhorbairt lena n-áirítear beartas um shoghluaiseacht bhainistithe ag na leibhéil is sinsearaí atá nasctha leis an scéim bainistíochta tallainne. <ul style="list-style-type: none"> » Faoin bprótacal um Shoghluaiseacht sa tSeirbhís Phoiblí Sinsearach, ní mór breithniú a dhéanamh i dtús báire ar gach folúntas a thagann chun cinn ag leibhéal an Rúnaí Cúnta i Ranna agus Oifigí an Rialtais a líonadh tríd an scéim um shoghluaiseacht sa tSeirbhís Phoiblí Sinsearach. » Tá Scéim um Shoghluaiseacht Príomhoifigeach i bhfeidhm ó bhí Meán Fómhair 2015 ann. Cuireadh athbhreithniú 3 bliana i gcrích le déanaí agus bhain an scéim a sprioc amach maidir le haistriú amháin i ngach 6 n-aistriú i measc Príomhoifigeach a bheith déanta trí shoghluaiseacht. • Seoladh an chéad chéim (1A) den scéim nua um shoghluaiseacht sa Státseirbhís i Meán Fómhair 2018, rud a rinne soghluaiseacht a éascú le haghaidh Oifigeach Cléireachais agus Oifigeach Feidhmiúcháin ar fud 46 zón soghluaiseachta, gan aistrithe laistigh de Bhaile Átha Cliath a chur san áireamh. • Díreoidh Céim B den scéim ar aistrithe soghluaiseachta le haghaidh grád na nOifigeach Cléireachais agus Oifigeach Feidhmiúcháin mBaile Átha Cliath agus meastar go gcuirfear tús leis i Meitheamh 2019. 	

Beart 15 ar lean

- Ansin, níos déanaí in 2019, déanfar scéim agus cur chuige bunaithe ar an bhfoghlaim a thiocfaidh as Céim 1A agus 1B a fhorbairt le haghaidh: Oifigigh Riaracháin, Ardoifigigh Feidhmiúcháin, agus Príomhoifigigh Cúnta. Fanfaidh cláir reatha amháin an léiriú spéise i bhfeidhm le haghaidh na ngrád seo idir an dá linn.
- Leagadh cúram ar na heagraíochtaí uile i ndáil le beartas soghluaiseachta inmheánaí a fhorbairt agus a fhoilsiú i gcomhréir leis na ‘Treoirlínte maidir le Soghluaiseacht Roinne Inmheánach’

Beart 16 | Struchtúir eagraíochta agus grád a athdhearadh

Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse

Robert Watt, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Dul Chun Cinn

- Táthar tar éis grád an Oifigigh Foirne agus grád an Oifigigh Feidhmiúcháin a chónascadh.

Beart 17 | Acmhainn Bainistíochta Tionscadail a fheabhsú

Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse

Aidan O’Driscoll, An Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannais

Graham Doyle, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Maurice Buckley, Oifig na nOibreacha Poiblí

Dul Chun Cinn

- Bunaíodh Seirbhís um Cheannairí Bainistíochta Tionscadail agus Seirbhís Comhairleoireachta agus leo sin, rinneadh dul chun cinn ó thaobh an Treoirleabhair Bainistíochta Tionscadail a fhorbairt.
- Bunaíodh Gréasáin na mBainisteoirí Tionscadail de bhainisteoirí tionscadail ó eagraíochtaí ar fud na Státseirbhíse agus tá obair ar siúl chun é a leathnú chuig an tSeirbhís Phoiblí uile.
- Táthar tar éis tairseach ar líne a bhunú chun rochtain a sholáthar ar ábhair speisialaithe um bainistiú tionscadail.
- Faoi OneLearning, forbraíodh cúrsa oiliúna bunleibhéil sa Bhainistíocht Tionscadail a mhaireann dhá lá agus tá thart ar 1,300 státseirbhíseach tar éis freastal ar an gcúrsa go dtí seo.

Beart 18	Cur leis an údarás, an tsolúbthacht agus an chuntasacht maidir le hacmhainní foirne a bhainistiú trí fhreagracht bhreise a tharmligean chuig Ranna
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Robert Watt, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> Tá ceadú tarmligthe i bhfeidhm agus tá dul chun cinn déanta i réimse na pleanála foirne. Tugtar aghaidh ar an ábhar sin freisin i Straitéis na Státseirbhíse maidir le Daoine. 	

Beart 19	Acmhainn TFC na Ranna a leathnú agus éifeachtúlachtaí a mhéadú trí chórais agus infreastruchtúir coiteanna a chruthú
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Robert Watt, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> Tá Straitéis TFC na hEanála Poiblí á cur chun feidhme faoi chúig cholún: Digiteach; Sonraí; Cothaigh chun Roinnt; Rialachas; agus Acmhainn. I Straitéis Ríomhsheirbhísí an Rialtais, arna seoladh i mí Iúil 2017, leagtar béim ar 10 bpríomhbhearta thar réimse téama lena n-áirítear ríomh-shainaitheantas slándáil, infreastruchtúr bunúsach agus oiliúint iomchuí agus seirbhísí a chur i láthair. Cuireadh sraith chomhchoiteann d'fheidhmchláir corparáideacha i bhfeidhm chun éifeachtúlachtaí agus coigiltis a spreagadh. Forbraíodh www.gov.ie mar thairseach lárnach le haghaidh saoránach chun rochtain a fháil ar sheirbhísí agus eolas Rialtais ar líne agus is cabhair chuige sin an t-aitheantas Rialtais cuíchóirithe agus simplithe atá curtha i bhfeidhm. Forbraíodh an Straitéis Gairmiúlachta TFC AD. 	

OSCAILTE AGUS CUNTASACH



Beart 20	Clár maidir le hAthbhreithnithe ar Acmhainn Eagraíochta a chur chun feidhme
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Maurice Quinn, An Roinn Cosanta	
Seán Ó Foghlú, An Roinn Oideachais agus Scileanna	
Mark Griffin, An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> • Tá athbhreithnithe curtha i gcrích ar an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tSeirbhís Chúirteanna; agus ar an Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta. • Tá obair á cur i gcrích faoi láthair ar an athbhreithniú ar an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus comhaontaíodh amlíne le haghaidh athbhreithnithe ar Ranna/Oifigí amach anseo. 	

Beart 21	An creat maidir le cúraimí a leagan ar ról i ngach Roinn a fhoilsiú
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Jim Breslin, An Roinn Sláinte	
Maurice Quinn, An Roinn Cosanta	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> • In 2016, foilsíodh na Treoirínte maidir le Feidhmeanna a Aistriú agus an Lámhleabhar Dea-chleachtas. • Forbraíodh whodoeswhat.gov.ie ar a leagtar amach go soiléir na cúraimí a tharmlichtear ag leibhéal an Phríomhoifigigh agus níos airde. • Táthar tar éis clár ionductaithe le haghaidh Comhairleoirí Speisialta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. • Tá dréacht curtha ar fáil de Chód Caighdeán agus lompár le haghaidh Comhairleoirí Speisialta, agus forbraíodh é i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí. 	

Beart 22	Scileanna um cheapadh beartais a neartú agus cuir chuige níos oscailte a fhorbairt i ndáil le ceapadh beartais
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
<p>Martin Fraser, Roinn an Taoisigh</p> <p>Robert Watt, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe</p> <p>Fergal Lynch, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige</p> <p>Graham Doyle, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt</p> <p>Derek Moran, An Roinn Airgeadais</p>	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> In 2015, reáchtáladh córas nua de Dhíospóireachtaí Oscailte maidir le Beartas, inar ghlac cleachtóirí, lucht léinn agus saíneolaithe páirt sna luathchéimeanna d'fhorbairt beartais. Ó bhí 2015 ann, reáchtáladh 46 díospóireacht oscailte maidir le beartas i ndáil le réimse saincheisteanna beartais lena n-áirítear Cúram Leanaí, Tithíocht, Foodwise 2025, Plean Bainistíochta Abhantraí, Measúnú Riosca Náisiúnta agus Infheistíocht Phoiblí i dTaighde & Forbairt. Tá eolas ar fáil maidir le gach ceann de na díospóireachtaí ar http://csvision.per.gov.ie/ an tairseach athnuachana le haghaidh Státseirbhíseach. Déantar comhairliúcháin phoiblí arna reáchtáil ag Ranna Rialtais a óstáil ar Gov.ie. Tá obair ar siúl i gcónaí i ndáil le treoir um cheapadh beartais a fhorbairt chun tacú le Ranna le linn chéimeanna bunúsacha an phróisis um cheapadh beartais agus chun a chinntiú go ndéantar cur chuige comhsheasmhach a dhaingniú er fud na Státseirbhíse uile. 	

Beart 23	Urlabhraí Státseirbhíse a ainmniú chun cumarsáid a dhéanamh thar ceann na Státseirbhíse
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
<p>Robert Watt, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe</p> <p>Niall Burgess, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála</p>	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> Tá cur chuige uailmhianach maidir le cumarsáid á chur ar aghaidh go himhianach ag Seirbhís Faisnéise de chuid an Rialtais agus tá dul chun cinn déanta maidir le feidhmiú céimneach 'Rialtas na hÉireann' mar aitheantas agus aistriú na Ranna uile go Gov.ie, an tairseach ar líne le haghaidh seirbhísí agus eolas an Rialtais. Díríodh an dul chun cinn a rinneadh sa réimse seo ar chumarsáid straitéiseach inmheánaí lena n-áirítear freagairt do thorthaí na Suirbhéanna ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse. Ó seoladh an Plean Athnuachana na Státseirbhíse, reáchtáladh 37 imeacht Halla an Bhaile ar a fhreastal breis agus 3,000 duine. Scaiptear nuachtlitir ráithiúil ar bhaill foirne uile na Státseirbhíse ina dtugtar an t-eolas is déanaí maidir leis an Athnuachan. Ón am a seoladh an plean in 2014, foilsíodh trí thuarascáil fhoirmiúil ar dhul chun cinn chomh maith le tuarascálacha bliantúla Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse. 	

Beart 24	Feabhas a chur ar an gcaoi a dhéantar sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a stóráil (an tInfrastruchtúr Sonraí Náisiúnta)
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Robert Watt, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	
Pádraig Dalton, An Phríomh-Oifig Staidrimh	
Niall Cody, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	
John McKeon, An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí	
Mark Griffin, An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	
Dr Orlaigh Quinn, An Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta	

Dul Chun Cinn

- Bunaíodh grúpa tacadóra Infrastruchtúr Sonraí Náisiúnta ar a bhfuil an Phríomh-Oifig Staidrimh ina Cathaoirleach agus ina bhfuil ionadaithe ó Ranna uile iomchuí.
- Tá obair chun Aitheantóir Gnó Uathúil a chruthú beagnach curtha i gcrích.
- Tá dul chun cinn á dhéanamh i ndáil le tionscnaimh éagsúla chun tacú le comhlachtaí seirbhíse poiblí Éirchóid a bhailiú.
- Foilsíodh tionscadail treo-aimsitheora maidir le críochnú tithíochta agus foilsíodh torthaí trí leibhéal in 2018 chun léiriú a dhéanamh ar an luach a bhaineann le nascadh sonraí chun críocha beartais poiblí.
- Tá líon na staitisteoirí ar iasacht i Seirbhís Staitistiúla Rialtas na hÉireann méadaithe faoi thrí ó dheireadh 2016. Oibríonn siad ar réimse gníomhaíochtaí atá rí-thábhachtach ó thaobh gnó i gcomhlachtaí seirbhíse poiblí, amhail anailísíocht, measúnú ar bheartas agus leithdháileadh acmhainní, dlúthoibre le comhghleacaithe Sheirbhís Staitistiúla Rialtas na hÉireann.
- Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an Tionscnamh Sonraí Oscailte, agus 9,000 tacar sonraí ardchaighdeáin nasctha anois le tairseach lárnach <https://data.gov.ie/data>.
- Ceadóidh an tAcht nua um Roinnt agus Rialachas Sonraí do shonraí pearsanta a roinnt agus a athúsáid ionas nach mbeidh ar dhaoine aonair agus gnóthlachtaí a sonraí a thabhairt do chomhlacht Rialtais ach aon uair amháin.

Beart 25	Suirbhé bliantúil a thabhairt isteach maidir le Gníomhaíocht Lucht Foirne ionas go mbeidh páirt ag baill foirne ag gach leibhéal ó thaobh feabhsaithe eagraíochtúil leanúnaigh de
Urraí de chuid Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse	
Pádraig Dalton, An Phríomh-Oifig Staidrimh	
Dul Chun Cinn	
<ul style="list-style-type: none"> • Rinneadh an chéad Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse in 2015. Mar fhreagairt ar na torthaí, cuireadh chun feidhme laistigh de Ranna tionscnaimh i réimsí amhail cumarsáid inmheánach, rannpháirtíocht fostaithe, forbairt agus oiliúint ghairme. Chuir 39% de Státseirbhísigh uile an suirbhé i gcrích. • Tugadh faoin dara Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse i mí Mheán Fómhair 2017 agus ghlac 21,365 státseirbhíseach páirt ann, rud a chiallaíonn ráta freagairt 56%. • Foilsíodh na torthaí foriomlána i Márta 2018 agus léirítear iontu go mbraitheann siad go dtéann siad i ngleic lena gcúram ar bhealach an-éifeachtach agus aithníonn siad go bhfuil méadú tagtha ar an méid tacaíochta a fhaigheann siad óna n-eagraíochtaí. Tá dúshlán fós i gceist, áfach, go mór mór i ndáil le cultúr na nuálaíochta agus an rannpháirteachais a chur chun cinn do bhaill foirne uile. • Forbraíodh tuarascálacha aonair ag leibhéal an eagraíochta i gcás Ranna agus Oifigí in 2018. Cuireann na torthaí sin bonn eolais le pleananna gníomhaíochta chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a tugadh ar aird. 	

5

Tuilleadh Eolais

Cuirtear preaseisiúintí maidir le hAthnuachan na Státseirbhíse, miontuairiscí chruinnithe Bhord Bainistíocht na Státseirbhíse agus eolas ábhartha eile ar fáil don phobal ar gov.ie agus do Státseirbhísigh ar <http://csvision.per.gov.ie/>

Government Buildings,
Upper Merrion Street,
Dublin 2,
D02 R583
Éire

Tithe an Rialtais,
Sráid Mhuirfean Uacht,
Baile Átha Cliath 2,
D02 R583
Éire.

T: 353 1 676 7571
gov.ie

gov.ie

Arna ullmhú ag an Roinn Caiteachais
Phoiblí agus Athchóirithe



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland